Ant agus Dec

Rugadh Anthony Mc Partlin agus Declan Donnelly in Newcastle i Sasana sa bhliain 1975. Ba as Contae Dhoire in Éirinn do thuismitheoirí Declan Donnelly agus tá **a lán** col ceathracha aige ansin go fóill. Cé gur rugadh an bheirt acu gar dá chéile, ní raibh aithne acu ar a chéile go dtí gur thosaigh siad ag obair ar an gclár teilifíse *Byker Grove* sa bhliain 1989. Nuair a bhí siad ar *Byker Grove*, bhí an bheirt acu **an-mhór le chéile** agus bhí sé **soiléir** gur oibrigh siad an-mhaith le chéile os comhair an cheamara teilifíse.

Ba cheoltóirí iad chomh maith agus bhain siad úsáid as na hainmneacha PJ agus Duncan, na carachtair a bhí acu in *Byker Grove*. Is é *Let's Get Ready to Rumble* an t-amhrán is cáiliúla a bhí acu. D'éirigh go hiontach leo **ar dtús**, ach tar éis tamaill, ní raibh an spéis chéanna ag daoine ina gcuid ceoil agus stop siad de bheith ag éisteacht le PJ agus Duncan.

Shocraigh siad beirt dul go Londain ag cuardach oibre agus níorbh fhada go raibh siad os comhair an cheamara teilifíse arís faoi na hainmneacha Ant agus Dec. Sa lá atá inniu ann, bíonn an bheirt acu le feiceáil go minic ar thrí chlár mhóra teilifíse, mar atá *I'm a Celebrity...Get Me Out of Here!*, *Britain's Got Talent* agus *Saturday Night Takeaway*. Bíonn siad i mbéal an phobail sa Bhreatain agus in Éirinn freisin. Is léir go n-oibríonn siad go maith le chéile go fóill. Tá suim mhór ag daoine iontu toisc go mbíonn siad i gcónaí ag pleidhcíocht agus go mbíonn craic iontach leo.

Níor éirigh go maith leo in áiteanna eile, áfach. Bhog siad go Meiriceá ar feadh tamaill in 2008, cé nach raibh aithne ag mórán daoine orthu. Bhí plean acu clú agus cáil a bhaint amach ansin ach níor éirigh leo in aon chor. Ní raibh suim ag na Meiriceánaigh iontu toisc nár thuig siad an tslí ar labhair siad!

An bhfuil a fhios agat nuair a bhíonn Ant agus Dec os comhair an cheamara teilifíse nó in irisleabhar nó i bpáipéar nuachta, go mbíonn Ant i gcónaí ar chlé agus Dec i gcónaí ar dheis!